# Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh táirge bithicídeach

**Ainm an táirge:** Bacticid IPA-N

**Cineál nó cineálacha táirge:** PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin)

**Uimhir an údaraithe:** EU-0027679-0000

**Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3:** EU-0027679-0000

## Clár Ábhar

FAISNÉIS RIARACHÁIN 1

1.1. Trádainmneacha an táirge 1

1.2. Sealbhóir an údaraithe 1

1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha 1

1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha 1

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE 2

2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh 2

2.2. Cineál foirmlithe 3

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM 3

4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE 4

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE 7

5.1. Treoracha úsáide 7

5.2. Bearta maolaithe riosca 7

5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint 8

5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte 8

5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála 8

6. FAISNÉIS EILE 9

# FAISNÉIS RIARACHÁIN

## 1.1. Trádainmneacha an táirge

| |
|---|
| Bacticid IPA-N |

## 1.2. Sealbhóir an údaraithe

| | | |
|---|---|---|
| **Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe** | Ainm | Chemi-Pharm AS |
| | Seoladh | Tänassilma tee 11 76406 Tänassilma küla, Saku vald An Eastóin |
| **Uimhir an údaraithe** | EU-0027679-0000 | |
| **Uimhir thagartha sócmhainne R4BP 3** | EU-0027679-0000 | |
| **Dáta an údaraithe** | 02/07/2023 | |
| **Dáta éaga an údaraithe** | 31/07/2032 | |

## 1.3. Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha

| | |
|---|---|
| **Ainm an déantóra** | AS Chemi-Pharm |
| **Seoladh an déantóra** | Tänassilma tee 11 76406 Tänassilma küla, Saku vald, Harju maakond An Eastóin |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | AS Chemi-Pharm, Tänassilma tee 11 76406 Tänassilma küla, Saku vald, Harju maakond An Eastóin |

## 1.4. Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha

| | |
|---|---|
| **Substaint ghníomhach** | 1354 - Própán-1-ól |
| **Ainm an déantóra** | OQ Chemicals GmbH (formerly Oxea GmbH) |
| **Seoladh an déantóra** | Rheinpromenade 4a 40789 Monheim am Rhein An Ghearmáin |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | OQ Chemicals Corperation (formerly Oxea Coperation), 2001 FM 3057 TX 77414 Bay City Stáit Aontaithe Mheiriceá |

| | |
|---|---|
| **Substaint ghníomhach** | 1354 - Própán-1-ól |
| **Ainm an déantóra** | BASF SE |
| **Seoladh an déantóra** | Carl-Bosch-Str. 38 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | BASF SE, Carl-Bosch-Str. 38 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin |

| | |
|---|---|
| **Substaint ghníomhach** | 1354 - Própán-1-ól |
| **Ainm an déantóra** | SASOL Chemie GmbH & Co. KG |
| **Seoladh an déantóra** | Secunda Chemical Operations, Sasol Place, 50 Katherine Street 2090 Sandton An Afraic Theas |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | Secunda Chemical Operations, PDP Kruger Street 2302 Secunda An Afraic Theas |

| | |
|---|---|
| **Substaint ghníomhach** | 1355 - Própán-2-ól |
| **Ainm an déantóra** | INEOS Solvent Germany GmbH |
| **Seoladh an déantóra** | Römerstrasse 733 47443 Moers An Ghearmáin |
| **Suíomh na láithreán déantúsaíochta** | INEOS Solvent Germany GmbH, Römerstrasse 733 47443 Moers An Ghearmáin |
| | INEOS Solvent Germany GmbH, Shamrockstrasse 88 44623 Herne An Ghearmáin |

## 2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TÁIRGE

### 2.1. Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an táirge bhithicídigh

| Gnáthainm | Ainm IUPAC | Feidhm | Uimhir CAS | Uimhir CE | Cion (%) |
|---|---|---|---|---|---|
| Própán-1-ól | | Substaint Ghníomhach | 71-23-8 | 200-746-9 | 35 |
| Própán-2-ól | | Substaint Ghníomhach | 67-63-0 | 200-661-7 | 35 |

### 2.2. Cineál foirmlithe

AL - Aon leacht eile

## 3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM

| | |
|---|---|
| **Ráitis ghuaise** | Leacht agus gal inlasta.<br><br>Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.<br><br>D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán.<br><br>D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn. |
| **Ráitis réamhchúraim** | Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac.<br><br>Coinnigh an coimeádán dúnta go docht.<br><br>Seachain análú gala.<br><br>Ná húsáid ach taobh amuigh nó i limistéar dea-aeráilte.<br><br>Caith súilchosaint.<br><br>MÁ IONANÁLAÍTEAR:Tabhair an duine amach faoin aer úr agus cinntigh go bhfuil an duine in ann análú go compordach.<br><br>MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE:Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú.<br><br>Glaoigh láithreach ar LÁRIONAD NIMHIÚCHAIN nó dochtúir/lia.<br><br>Stóráil in áit atá aeráilte go maith.Coinnigh fionnuar.<br><br>Stóráil faoi ghlas.<br><br>Diúscair coimeádán chuig pointe bailithe dramhaíola údaraithe. |

# 4. ÚSÁID (nó ÚSÁIDÍ) ÚDARAITHE

## 4.1 Tuairisc úsáide

### ÚSÁID 1 - díghalrúchán dromchla RTU beag crua neamhscagach, leachtach

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | neamhbhainteach. |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch: other<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: other<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: other<br>Gnáthainm: viruses (limited spectrum virucidal activity)<br>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil |
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>áiseanna cúraim sláinte agus an tionscal cógaisíochta agus cosmaideach, othar máguaird, limistéir/deasca oibre, trealamh ginearálta (seachas dromchlaí teagmhála bia): díghalrúchán dromchlaí beaga crua/neamh-scagacha.<br>le haghaidh úsáid ghairmiúil amháin. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: Feidhmiú de láimh<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br><br>Dífhabhtán dromchla réidh le húsáid ag teocht an tseomra (20 ± 2 °C).<br>Déantar an dromchla iomlán atá le díghalrú a fhliuchadh trína dhoirteadh nó trína spraeáil ó achar gearr agus ina dhiaidh sin é a chuimilt go maith le héadach. Ba cheart go mbeadh méid an táirge leordhóthanach (uasmhéid 50 ml/m2) chun an dromchla a choinneáil fliuch i rith an ama teagmhála. |
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: Am nochta íosta: • chun baictéir, giostaí agus víris chlúdaithe a rialú: 60 soic. • chun víris a rialú (gníomhaíocht i gcoinne víreas ar speictream teoranta): 5 nóim.<br>Airí caolaithe: Réidh le táirge a úsáid<br>Airí uainithe:<br><br>Is é 1-2 in aghaidh an lae minicíocht réasúnta díghalrúcháin i seomra othair. Is é 6 in aghaidh an lae an líon uasta forchur. Ní gá aon eatraimh sábháilteachta a mheas idir na céimeanna forchuir. |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Tionsclaíoch<br><br>Gairmiúil |

| | |
|---|---|
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | 100, 500, 750, 1000 ml i mbuidéil thrédhearcacha/bhána poileitiléin ard-dlúis (HDPE) le caipíní smeacha polapróipiléin (PP) (oiriúint: Scriúdhúnadh PP le ceann spraeála); Ceanastar trédhearcach/bán HDPE 5000 ml le scriúchaidhp HDPE. |

### 4.1.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Ba chóir dromchlaí a bheith glan go soiléir i gcónaí sula ndéantar iad a dhíghalrú. Is é 6 in aghaidh an lae an líon uasta forchur.

### 4.1.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

### 4.1.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

### 4.1.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

### 4.1.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

### 4.2 Tuairisc úsáide

**ÚSÁID 2 - díghalrúchán dromchla RTU beag crua neamhscagach, leachtach**

| | |
|---|---|
| **An cineál táirge** | PT04 - An réimse bia agus beatha (Dífhabhtáin) |
| **Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe** | neamhbhainteach. |
| **Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)** | Ainm eolaíoch: other<br>Gnáthainm: Baictéir<br>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil<br><br>Ainm eolaíoch: other<br>Gnáthainm: Giostaí<br>Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil |
| **Réimse (nó réimsí) úsáide** | Faoi dhíon<br><br>áiseanna cúraim sláinte agus i dtionscal an bhia, otharmáguaird, ullmhú agus láimhseáil bia i gcistiní/bialanna: díghalrúchán dromchlaí beaga crua/ neamhscagacha.<br>le haghaidh úsáid ghairmiúil amháin. |
| **Modh (nó modhanna) úsáide** | Airí modha: Feidhmiú de láimh<br>Tuairisc mhionsonraithe ar an airí:<br>Dífhabhtán dromchla réidh le húsáid ag teocht an tseomra (20 ± 2 °C).<br><br>Déantar an dromchla iomlán atá le díghalrú a fhliuchadh trína dhoirteadh nó trína spraeáil ó achar gearr agus ina dhiaidh sin é a chuimilt go maith le héadach. Ba cheart go mbeadh méid an táirge leordhóthanach (uasmhéid 50 ml/m2) chun an dromchla a choinneáil fliuch i rith an ama teagmhála. |
| **Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe** | Airí úsáide: Am nochta íosta: chun baictéir, giostaí agus víris a rialú ag 20°C: 60 soic.<br>Airí caolaithe: Réidh le táirge a úsáid<br>Airí uainithe:<br>Is féidir na táirgí a úsáid chomh minic agus is gá. Is ionann 1-2 in aghaidh an lae agus minicíocht réasúnta i gcistiní.<br>Ní gá aon eatraimh sábháilteachta a mheas idir na céimeanna forchuir. |
| **Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí** | Tionsclaíoch<br><br>Gairmiúil |
| **Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta** | 100, 500, 750, 1000 ml i mbuidéil thrédhearcacha/bhána poileitiléin ard-dlúis (HDPE) le caipíní smeacha polapróipiléin (PP) (oiriúint: Scriúdhúnadh PP le ceann spraeála);<br>Ceanastar trédhearcach/bán HDPE 5000 ml le scriúchaidhp HDPE. |

## 4.2.1 Treoracha úsáidsonracha úsáide

Ba chóir dromchlaí a bheith glan go soiléir i gcónaí sula ndéantar iad a dhíghalrú.

### 4.2.2 Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

### 4.2.3 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

### 4.2.4 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

### 4.2.5 I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Féach treoracha ginearálta maidir a úsáid.

## 5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE

### 5.1. Treoracha úsáide

Le haghaidh úsáid ghairmiúil amháin.

### 5.2. Bearta maolaithe riosca

Coinnigh as rochtain leanaí.
Tá sé éigeantach cosaint súl a úsáid le linn an táirge a láimhseáil.

## 5.3. Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint

Bearta garchabhrach ginearálta: Bog an duine atá buailte amach ón limistéar éillithe. Aimsigh comhairle/aire leighis má bhraitheann tú tinn. Taispeáin an bhileog seo más féidir.

MÁ IONANÁLAÍTEAR É: Bog go haer úr agus fan ar do shuaimhneas i riocht compordach le haghaidh análaithe. Cuir glaoch ar LÁRIONAD NIMHIÚCHAIN nó ar dhochtúir.

MÁ BHAINEANN SÉ LEIS AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann láithreach le neart uisce. Ina dhiaidh sin bain díot na héadaí éillithe ar fad agus nigh iad sula n-athúsáidtear iad. Lean ort ag níochán an chraicinn le huisce ar feadh 15 nóiméad. Cuir glaoch ar LÁRIONAD NIMHIÚCHAIN nó ar dhochtúir.

MÁ BHÍONN SÉ SNA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh cúpla nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad ann agus furasta a dhéanamh. Lean ar aghaidh á sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil.

Faisnéis do Phearsanra Cúraim Sláinte/dochtúir: Ba chóir na súile a shruthlú arís agus arís eile ar an mbealach chuig an dochtúir má tá nochtadh súl ann do cheimiceáin alcaileacha (pH> 11), aimíní agus aigéid cosúil le haigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.

MÁ` SHLOGTAR É: Sruthlaigh amach an béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól don duine, má tá an duine a bhí nochta dó in ann slogadh. NÁ spreag aiseag. Glaoigh ar 112/otharcharr chun cúnamh míochaine a fháil.

Bearta scaoilte de thaisme:

Stop an sceitheadh má tá sé sábháilte déanamh amhlaidh. Bain amach foinsí adhainte. Bain úsáid as cúram speisialta chun luchtanna leictreacha statacha a sheachaint. Ní cheadaítear lasracha oscailte. Ná caitear tobac.

Cosc ar iontráil chuig séaraigh agus uiscí poiblí.

Cuimil le hábhar ionsúiteach (éadach mar shampla). Maothaigh doirteadh le solaid támhacha, amhail cré nó cré dhiatómúil a luaithe is féidir. Tóg suas go meicniúil (scuabadh, sluaisteáil). Déan é a dhiúscairt de réir na rialachán áitiúil ábhartha.

## 5.4. Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte

Caithfear diúscairt a dhéanamh de réir na rialachán oifigiúil. Ná folmhaigh isteach i ndraenacha. Ná faigh réidh le dramhaíl tí. Déan an t-ábhar/an coimeádán a dhiúscairt ag pointe bailithe dramhaíola údaraithe. Folmhaigh an phacáistíocht go hiomlán sula ndéantar í a dhiúscairt. Nuair a bhíonn siad folamh go hiomlán, bíonn coimeádáin in-athchúrsáilte cosúil le haon phacáisíocht eile.

## 5.5. Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála

Seilfré 24 mí
Déan iad a stóráil i limistéar atá tirim, fionnuar, dea-aeráilte. Coinnigh an coimeádán dúnta go docht. Coinnigh amach as solas díreach.
Teocht stórála molta: 0-30°C
Ná stóráil ag teochtaí faoi bhun 0°C
Ná stóráil in aice le bia, deoch ná ábhar beatha ainmhithe. Coinnigh ar shiúl ó ábhar indóite.

## 6. FAISNÉIS EILE